C/2024/6953

13.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11692 — SICK / EH / EHS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6953)

1. An 7 Samhain 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Endress+Hauser AG ('EH', an Eilvéis),

— SICK AG ('SICK', an Ghearmáin),

— SICK Engineering GmbH ('Sprioc 1', an Ghearmáin),

— SICK MAIHAK (Beijing) Co. Ltd. agus sócmhainní dáileacháin áirithe de chuid SICK ('Sprioc 2', an tSín agus tíortha éagsúla eile).

Gheobhaidh EH agus SICK rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Sprioc 1 ina iomláine. Gheobhaidh EH rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Sprioc 2.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EH ina chuid de ghrúpa atá gníomhach go príomha i ndáil le teicneolaíocht tomhais agus uathoibriúcháin don tionscal próiseála ar fud an domhain,

— tá SICK ina chuid de ghrúpa atá gníomhach go príomha i ndáil le táirgeadh braiteoirí agus réiteach braiteora d'fheidhmeanna tionscail, go háirithe d'uathoibriú monarchan, lóistíochta agus próisis ar fud an domhain,

— is é a dhéanann Sprioc 1 go príomha teicneolaíocht tomhais le haghaidh an tsreabhráta gáis, teicneolaíocht tomhais chun faireachán a dhéanamh ar thiúchan cáithníní, agus (amach anseo) teicneolaíocht anailíse próisis, a tháirgeadh agus a fhorbairt sa Ghearmáin,

— is é a dhéanann Sprioc 2 go príomha réitigh táirgí Sprioc 1 a dháileadh ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11692 — SICK / EH / EHS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË